C/2024/5674

19.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11681 – AMUNDI / MARGUERITE / ZE WAY INVEST / ZE ENERGY JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5674)

1. An 11 Meán Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— WIFRA (an Fhrainc), faoi rialú ESR Alba II FCPR (an Fhrainc) agus Amundi Seed Alba II FCPR (an Fhrainc), dhá chiste atá faoi bhainistíocht indíreach Amundi SA ('Amundi', an Fhrainc), fochuideachta de chuid Crédit Agricole SA Group ('Crédit Agricole', an Fhrainc),

— Marguerite II SCSp ('Marguerite II', Lucsamburg),

— Ze Way Invest SAS ('Ze Way Invest', an Fhrainc),

— Ze Energy SAS ('Ze Energy', an Fhrainc), faoi rialú Ze Way Invest agus Marguerite II.

Gheobhaidh WIFRA, Marguerite II, agus Ze Way Invest rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Ze Energy.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Díríonn WIFRA ar infheistíochtaí díreacha bonneagair, go háirithe in earnáil an aistrithe fuinnimh agus an dícharbónaithe. Is cuideachta bainistíochta sócmhainní é Amundi ag a bhfuil punann sócmhainní atá tiomnaithe don aistriú fuinnimh, lena n-áirítear bonneagar táirgthe fuinnimh in-athnuaite, bonneagar dáilte agus éifeachtúlachta fuinnimh, agus bonneagar tomhaltóirí. Déanann Crédit Agricole speisialtóireacht i mbainistiú sócmhainní do chliaint institiúideacha agus mhiondíola araon, lena gcumhdaítear gach aicme sócmhainne,

— Is ciste infheistíochta é Marguerite II a dhíríonn go háirithe ar na hearnálacha fuinnimh in-athnuaite, fuinnimh, iompair agus an earnáil dhigiteach,

— Cuireann Ze Way Invest comhairle straitéiseach ar fáil do chuideachtaí a dhíríonn ar dhlús a chur leis an aistriú fuinnimh in earnálacha an táirgthe fuinnimh ísealcharbóin agus na soghluaisteachta leictrí,

— Déanann Ze Energy gléasraí cumhachta gréine hibrideacha 'fótavoltacha + stórála' a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11681 – AMUNDI / MARGUERITE / ZE WAY INVEST / ZE ENERGY JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË